Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2025
(OR. en)

15786/25
PV CONS 62
RELEX 1537
*PARLNAT*

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha/Trádáil)

24 Samhain 2025

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15558/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'** — 15501/25

**(a) Liosta neamhreachtach**

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** — 15521/25

## Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**1. Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2026** — S C — 15487/25 + ADD 1-6 FIN

*Formheas*

Tar éis na Comhairle (Ecofin/Buiséad) ar an 14/15.11.2025

D'fhormheas an Chomhairle an téacs comhpháirteach maidir le buiséad 2026 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn agus in aguisíní 1go dtí 5 den téacs thuasluaite é, agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Ostair, an Fhionlainn, an Ungáir agus an Ísiltír ag staonadh ón vótáil (Bunús dlí: Airteagal 314(5) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

3. Caibidlíocht dhéthaobhach leanúnach ar an trádáil
*Staid na himeartha*

4. An caidreamh trádála idir an tAontas agus an tSín[*]
*Staid na himeartha*

5. An caidreamh trádála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe[*]
*Staid na himeartha*

6. Aon ghnó eile

(a) Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú bheartas trádála an Aontais — 15024/25 + ADD 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(b) Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú — 14853/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(c) Taraifí allmhairiúcháin ar tháirgí ón Rúis agus ó mBealarúis — 14976/25
*Faisnéis ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn*

(d) Ionsaithe hibrideacha de chuid na Bealarúise — 15684/25
*Faisnéis ón Liotuáin*

---

Mír shrianta

---

[*] Gan gléasanna leictreonacha

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 15521/25**

| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2026**<br>***Formheas***<br>**Tar éis na Comhairle (Ecofin/Buiséad) an 14/15.11.2025** |
|---|---|

**RÁITEAS ÓN OSTAIR, ÓN bhFIONLAINN, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN tSUALAINN**

'Ba cheart buiséad an Aontais a bheith bunaithe ar phrionsabail bhuiséadacha fhónta, corrlaigh leordhóthanacha a choinneáil agus ionstraimí speisialta a choimirciú le haghaidh fíor-imthosca gan choinne.

Sa chomhaontú maidir le buiséad 2026 baintear an iomarca úsáide as ionstraimí speisialta faoi cheannteidil éagsúla, agus is beag ath-leithdháileadh a dhéantar ann. Áirítear ann freisin méaduithe suntasacha ar an gcaiteachas riaracháin chomh maith le méaduithe ar na leibhéil foirne. Is é ár dtuairim nach féidir le buiséad an Aontais neamhaird a thabhairt ar an gcomhthéacs níos leithne, ina bhfuil formhór na mbuiséad náisiúnta faoi bhrú nó ina bhfuil bearta suntasacha comhdhlúthaithe os a gcomhair.

Creidimid, dá bhrí sin, nach bhfuil an comhaontú maidir le buiséad an Aontais do 2026 i gcomhréir le prionsabal an bhuiséadaithe stuama.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Staonann an Ungáir ón gcomhaontú maidir le buiséad bliantúil an Aontais Eorpaigh do 2026.

Cé go n-aithníonn an Ungáir a thábhachtaí atá sé feidhmiú leanúnach chláir agus institiúidí an Aontais a áirithiú, measann sí go bhfuil sé ríthábhachtach an méid seo a leanas a thaifeadadh i ndáil leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus leis an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin.

Tacaíonn an Ungáir leis na hiarrachtaí uile darb aidhm caibidlíocht shubstainteach a sheoladh i dtreo síocháin inbhuanaithe chobhsaí lena ráthófar slándáil fhadtéarmach mhór-roinn na hEorpa. Creideann an Ungáir, leis an gcaibidlíocht síochána atá ar siúl faoi láthair, faoi stiúir na Stát Aontaithe, nach mór don Aontas a cheapadh beartais a oiriúnú freisin.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus i gcomhréir lena tiomantas seanbhunaithe don tsíocháin, ní thacaíonn an Ungáir le bunú ná maoiniú ionstraimí nua de chuid an Aontais a chuireann go míleata leis an gcogadh san Úcráin agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de na hiarrachtaí síochána atá ar bun. Ní mór na hacmhainní tearca atá ar fáil chun críoch cosanta a leithdháileadh go hiomlán ar ullmhúcháin chosanta an Aontais féin, agus ar an gcaoi sin cosaint shaoránaigh an Aontais a áirithiú go díreach.

Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an seasamh uainn a luadh le linn na caibidlíochta i ndáil leis an Rialachán maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach, ní féidir leis an Ungáir an leithdháileadh atá beartaithe don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin a fhormhuiniú laistigh de bhuiséad 2026.'